


An Bord Pleanála



Annual Report and Accounts 2012
Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2012

An Bord Pleanála

Annual Report and Accounts 2012 Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2012

OPERATIONS / OIBRÍOCHTAÍ

	2012	2011
Planning Cases Received / Cásanna Pleanála a Fuarthas	2,227 ^{1,2}	2,110 ¹
Planning Cases Disposed / Cásanna Pleanála a Cuireadh de Láimh	1,794 ^{1,2}	2,326 ¹
Normal Planning Appeals / Gnáth-achomhairc Phleanála		
• Received / Faighte	1,431	1,779
• Disposed / Curtha de láimh	1,436	1,938
Strategic Infrastructure / Bonneagair Straitéisigh		
• Received / Faighte	31	44
• Concluded / Críochnaithe	40	58
Local Authority Strategic Infrastructure / Bonneagar Straitéiseach Údarás Áitiúil		
• Received / Faighte	22	27
• Concluded / Críochnaithe	29	39
Other Local Authority Projects including Appropriate Assessment / Tionscadail eile Údarás Áitiúil lena n-áirítear Measúnachtaí Cuí		
• Received / Faighte	39	25
• Concluded / Críochnaithe	42	30
Quarry Review / Athbhreithniú ar Chairéal		
• Received / Faighte	334	-
• Concluded / Críochnaithe	29	-
Substitute Consent & Related Cases / Toiliú Ionaid agus Cásanna Gaolmhara		
• Received / Faighte	164	-
• Concluded / Críochnaithe	57	-
Other Cases under Planning, Building Control, Water Pollution and Air Pollution Acts Cásanna eile faoi na hAchtanna Pleanála, Rialaithe Tógála, Truailithe Uisce agus Truailithe Aeir		
• Received / Faighte	206	235
• Concluded / Críochnaithe	161	261

¹ Figure excludes pre-application consultation cases / Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna comhairliúcháin réamhiarratais

² Figure excludes quarry notice cases / Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna fógra cairéil


FINANCE / AIRGEADAS

	2012	2011
	€'000	€'000
Income / Ioncam		
Oireachtas Grant / Deontas an Oireachtais	12,897	13,724
Fees/Recoupment / Táillí/Aisíocaíocht	2,473	3,441
Other* / Eile*	3,546	4,075
Total Income / Ioncam Iomlán	18,916	21,240
Expenditure / Caiteachas	18,809	20,846
Surplus (Deficit) for year / Barrachas (Easnamh) don bhliain	107	394

* Includes Transfer from Capital Account

* Áirítear air Aistriú ón gCuntas Caipitil

All Planning Cases Received / Gach Cás Phleanála Faighte




¹ For breakdown of Other Cases see Figure 16 / Gheofar miondealú ar chásanna eile i bhFigiúr 16

² Includes Local Authority Appropriate Assessment Cases / Lena n-áirítear cásanna údarás áitiúil le measúnacht ionaid

Note: Figures exclude pre-application consultation cases and quarry notice cases / Nóta: Ní áirítear ar na figiúirí cásanna comhairliúcháin réamhiarratais agus cásanna fógra cairéil

All Planning Cases Disposed / Gach Cás Phleanála Curtha de Láimh



¹ For breakdown of Other Cases see Figure 16 / Gheofar miondealú ar chásanna eile i bhFigiúr 16

² Includes Local Authority Appropriate Assessment Cases / Lena n-áirítear cásanna údarás áitiúil le measúnacht ionaid

Note: Figures exclude pre-application consultation cases and quarry notice cases / Nóta: Ní áirítear ar na figiúirí cásanna comhairliúcháin réamhiarratais agus cásanna fógra cairéil

1. Mission Statement	7	Ráiteas Misin	7
2. Members of the Board	8	Comhaltaí an Bhoird	8
3. Chairperson's Statement	9	Ráiteas an Chathaoirligh	9
4. Planning Operations		Oibríochtaí Pleanála	
All Planning cases	16	Gach cás phleanála	16
Normal planning appeals	20	Gnáth-achomhairc phleanála	20
Strategic Infrastructure Cases	26	Cásanna Bonneagair Straitéisigh	26
Quarries and Substitute Consent	31	Cairéil agus Toiliú Ionaid	31
Other cases	34	Cásanna eile	34
5. Corporate Matters		Gnóthaí Corparáideacha	
Finance Overview	36	Foramharc Airgeadais	36
Prompt Payment of Accounts Act	40	An tAcht um Íoc Pras Cuntas	40
Human Resources	42	Acmhainní Daonna	42
Corporate Governance	44	Rialachas Corparáideach	44
Legal proceedings & Consultations with other bodies	46	Imeachtaí dlíthiúla & Comhairliú le comhlachtaí eile	46
Customer Service & Complaints	48	Seirbhísí & Gearáin Custaiméara	48
ICT & Environmental Matters	49	TFC & Cúrsaí Comhshaoil	49
6. Financial Statements		Ráitis Airgeadais	
Statement of Board's Responsibilities	50	Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	50
Statement on System of Internal Financial Control	51	Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	51
Statement of Accounting Policies	54	Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta	54
Report of the Comptroller and Auditor General	59	Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	59
Statement on Remuneration and Members' Fees	62	Ráiteas ar Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí	62
Income and Expenditure	64	Ioncam agus Caiteachas	75
Balance Sheet	65	Clár Comhardaithe	76
Cash Flow Statement	66	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	77
Notes to the Financial Statements	67	Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	78
Appendix 1 Analysis of Normal Planning Appeals Decisions	86	Aguisín 1 Anailís ar Ghnáth Achomhairc Phleanála	86
Appendix 2 Analysis of Rural Housing Guidelines Decisions	87	Aguisín 2 Anailís ar Chinntí ar Thithíocht Tuaithe Treoirilintí	87
Appendix 3 Normal Planning Appeals Received and Decided by Area	88	Aguisín 3 Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte agus Cinneadh Déanta de réir Cheantair	88
Appendix 4 Normal Planning Appeals by Development Category / Area	89	Aguisín 4 Gnáth Achomhairc Phleanála de réir Catagóire / Ceantair Forbartha	89
Appendix 5 Cases Disposed of by reference to Statutory Objective Period	90	Aguisín 5 Cásanna a cuireadh de láimh trí thagairt do Sprioc Thréimhse Reachtuil	90
Appendix 6 Staff, External Consultants and Legal Adviser	91	Aguisín 6 Foireann, Sainchomhairleoirí agus Comhairleoir Díl	91

I. Mission Statement | Ráiteas Misin

To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte chun a áirithiú go luífeadh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

2. Members of the Board | Comhaltaí an Bhoird



Seated from left to right :
Ina suí, ó chlé:

Fionna O'Regan,
Dr. Mary Kelly (Chairperson/Cathaoirleach),
Conall Boland (Deputy Chairperson/Leas-Chathaoirleach),
Mary MacMahon

Standing from left to right:
Ina seasamh, ó chlé:

Öznur Yücel-Finn*,
Robert Ryan*,
Dr. Gabriel Dennison,
Michael Leahy,
Nicholas Mulcahy,
Paddy Keogh

Sub-Committee:
Fochoiste:

Strategic Infrastructure Division
Roinn Bonneagair Straitéisigh

Dr. Mary Kelly, Conall Boland, Fionna O'Regan,
Mary MacMahon, Dr. Gabriel Dennison

* Appointed January 2013
Ceaptha Eanáir 2013

3. Chairperson's Statement | Ráiteas an Chathaoirigh

Welcome to the Annual Report and Accounts 2012 for An Bord Pleanála. The report provides details of the work of An Bord Pleanála during 2012 along with the Board's financial statements for the year.

Performance

2012 saw a marginal increase on the intake of planning cases on 2011. However, it is still significantly lower than the high of 6,664 in 2007, standing at 2,227 in 2012, an increase of 6% on 2011. These numbers, as well as the less strategic nature of cases reflect the continuing economic recession.

The past year has been a very challenging one for An Bord Pleanála and its staff. An Bord Pleanála started the year with only four Board Members out of a possible complement of ten, due to expiry of contracts at the end of 2011. While four new Board appointments were made towards the end of May, a backlog of cases had developed and delays had developed in the system. Despite the relatively low number of cases compared to those seen in the Celtic Tiger years the Board was unable to achieve its objective of deciding 90% of cases within the statutory timeframe of 18 weeks. The number of cases determined in 2012 was 1,794 - down 23% on 2011, with the 18 week statutory objective met in 41% of cases, compared to 81% in 2011.

Two further, temporary, Board appointments were made in early 2013 to assist in dealing with delays. I am glad to say that, as a result, the backlog is being worked down and it is anticipated that the Board will achieve compliance with its objectives by end 2013. Our strategy for doing this is to focus primarily on older cases in the early part of the year so that

Is áthas liom Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla an Bhoird Phleanála don bhliain 2012 a chur i do láthair. Gheofar sa tuarascáil sonraí d'obair an Bhoird i gcaitheamh na bliana 2012 mar aon le ráitis airgeadais an Bhoird.

Feidhmíocht

Chonacthas méadú imeallach ar chásanna phleanála nua i gcomparáid leis an mbliain 2011 ach bhí an líon sin i bhfad níos ísle i gcónaí ná an 6,664 d'uasmhéid a cláraíodh sa bhliain 2007. Fuarthas 2,227 cás nua sa bhliain 2012, ar 6% de mhéadú é sin ar an mbliain 2011. Léiríonn na figiúirí seo, agus an laghdú ar chásanna straitéiseacha, go bhfuil an cúlú fós i réim sa gheilleagar.

Bliain an-dúshlánach ab ea an bhliain seo caite don Bhord Pleanála agus dá fhoireann. Ag tús na bliana ní raibh ach ceithre chomhalta ar an mBord as líon iomlán de dheichniúr, toisc conarthaí a bheith éagtha ag deireadh na bliana 2011. Ceapadh ceithre chomhalta nua ar an mBord i dtreo dheireadh na Bealtaine ach bhí riaráiste cásanna ann faoin am sin agus moill, dá réir, sa chóras. Ainneoin a laghad cásanna a fuarthas i gcomparáid le líon na gcásanna i mblianta an Tíogair Cheiltigh níor éirigh leis an mBord a chuspóir maidir leis an tréimhse reachtúil a bhaint amach, is é sin 90% de chásanna a bheith cinnte laistigh de 18 seachtaine. Cinneadh 1,794 cás sa bhliain 2012, ar 23% de laghdú é ar an mbliain 2011, agus comhlíonadh an cuspóir reachtúil 18 seachtaine i gcás 41% díobh, i gcomparáid le 81% sa bhliain 2011.

Ceapadh beirt chomhalta eile ar an mBord go luath sa bhliain 2013 chun déileáil leis an moill. Is áthas liom a rá go bhfuil an riaráiste á laghdú ó shin, agus meastar go mbeidh an Bord ag comhlíonadh a chuspóirí faoi dheireadh na bliana 2013. Is é ár straitéis díriú ar na cásanna is sine sa chéad chuid den bhliain ionas go mbeimid ag déileáil le cásanna nua amháin faoi

by mid-year we will be dealing with new cases and those within their statutory timelines.

In the first half of 2012, with a depleted Board, a decision was taken to deal with strategic infrastructure cases as a matter of priority. The rationale for that was that these cases had been identified as being of strategic importance for Ireland and its economy and a special one-stop-shop planning process administered through the Strategic Infrastructure Board of An Bord Pleanála had been put in place to facilitate planning certainty within defined timelines. In 2012 seven out of the nine strategic infrastructure cases decided were within the statutory timeframe - a compliance rate of 78%. Amongst strategic infrastructure cases decided in 2012 were the LUAS extension, the Children's Hospital proposal, and the Slane Bypass proposal. While these cases were some of the most complex cases to come before the Board, every effort was made to decide them as expeditiously as possible. We will continue to prioritise strategic infrastructure cases in 2013 and will endeavour to ensure that projects, particularly those which have the potential to create employment, are not delayed unnecessarily by the planning system.

Legislation

The rigorous use of the planning hierarchy from the National Spatial Strategy, through Regional Planning Guidelines, County Development Plans, to Local Area Plans characterise assessment and decision making in An Bord Pleanála. Coupled with Government policies in areas such as transport, energy, climate change and waste, the continued trend towards plan led development is evident. In making decisions on proposed developments An Bord Pleanála has regard to national, regional and local plans and strategies and this is generally reflected in the reasons and considerations given for decisions

lár na bliana agus leo siúd a chinnfear laistigh den tréimhse reachtúil.

Sa chéad leath den bhliain 2012, toisc a laghad comhaltaí a bhí ar an mBord, cinneadh tús áite a thabhairt do chásanna bonneagair straitéisigh. An réasúnaíocht a bhí againn ná gur cásanna iad sin a bhí aitheanta mar chásanna a mbeadh tábhacht straitéiseach acu d'Éirinn agus dá gheilleagar. Cheap an Bord Pleanála Bord Bonneagair Straitéisigh mar shiopa ilfhreastail chun déileáil leis na cásanna sin laistigh de thréimhsí sonraithe. Sa bhliain 2012 cinneadh seacht gcás bonneagair straitéisigh as gach naoi gcinn laistigh den tréimhse reachtúil - rud arbh ionann agus 78% de ráta comhlíonta. I measc na gcásanna bonneagair straitéisigh a cinneadh sa bhliain 2012 bhí síneadh ar an LUAS, togra Ospidéal na Leanaí agus togra maidir le seachbhóthar Bhaile Shláine. Cé go raibh na cásanna seo i measc na gcásanna ba chasta a tháinig riamh faoi bhráid an Bhoird, rinneadh gach iarracht iad a chinneadh a thapúla ab fhéidir. Tabharfaimid tús áite arís do chásanna bonneagair straitéisigh sa bhliain 2013 agus féachfaimid le cinntiú go seachnófar aon mhoill neamhriachtanach sa chóras pleanála ar thionscadail, go háirithe na tionscadail sin trína bhféadfaí fostaíocht a chur ar fáil.

Reachtaíocht

I ngach measúnú agus cinneadh pleanála a dhéanann an Bord Pleanála féachtar le haird chuí a thabhairt ar an ordlathas pleanála, mar atá an Straitéis Spáis Náisiúnta, Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí, Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Limistéir Áitiúil. Nuair a chuirtear san áireamh beartais Rialtais i dtaca le hiompar, fuinneamh, an t-athrú aeráide agus dramhaíol, is léir go bhfuil an phleanáil a bunú ar phleananna níos mó de réir a chéile. Agus cinntí á ndéanamh ar thograí beartaithe tugann an Bord Pleanála aird chuí ar phleananna agus ar straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ionas go

which are taken, particularly for larger scale developments.

European Union policy and legislation has had a major influence on both planning and environmental protection in Ireland over the past few decades. In the planning context, the Environmental Impact Assessment Directive, the Habitats Directive and the Public Participation Directive are particularly relevant. While both Environmental Impact Assessment (EIA) and Habitats Directives were transposed into Irish law during the eighties and nineties, there have been a number of cases taken against Ireland for inadequate transposition of these Directives and a number of adverse findings against Ireland by the European Court of Justice. The result has been numerous amendments of both primary and secondary legislation to bring Irish legislation into line with European Union Directives. These amendments in turn have required a much increased focus by developers and proposers of projects (some of which can be quite small) on the effects of their proposals on the environment, particularly on European Union designated Natura 2000 sites, and a more explicit examination and assessment of environmental impact by competent authorities – planning authorities and An Bord Pleanála.

For An Bord Pleanála, this recent legislation has resulted in a number of new types of cases, most notably cases involving regularisation of certain matters in order to achieve compliance with the Environment Impact Assessment and Habitats Directives. These include 'Substitute Consent' cases and cases in respect of developments proposed by local authorities and which require Appropriate Assessment.

mbíonn a rian sin le feiceáil, de ghnáth, sna cúiseanna a thugtar le cinntí, go háirithe i gcás forbairtí ollmhóra.

Bhí tionchar ag beartas agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ar chúrsaí pleanála agus cosanta chomhshaoil in Éirinn sna deichbhlianta deireanacha. Ó thaobh na pleanála de, bhí tábhacht ar leith leis an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta, an Treoir um Ghnáthóga agus an Treoir um Rannpháirtíocht an Phobail. Cé gur trasúidh an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Treoir um Ghnáthóga i ndlí na hÉireann i gcaitheamh na n-ochtóidí agus na nóchaidí, tionscnaíodh roinnt cásanna i gcoinne na hÉireann as na Treoracha sin a bheith trasuite ar shlí neamhdhóthanach agus rinne Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa cinntí neamhfhabhracha éagsúla i gcoinne na hÉireann. Dá thoradh sin b'éigean leasuithe iomadúla a dhéanamh ar mhíreanna den phríomhreachtaíocht agus den reachtaíocht thánaisteach chun go mbeidís ar aon dul le Treoracha an Aontais Eorpaigh. Ba é a dtoradh siúd a cheangal ar fhorbróirí agus ar thogróirí díriú ar thionchar a gcuid tograí (ar tograí beaga iad cuid acu) ar an gcomhshaol, go háirithe ar láithreáin atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach mar láithreáin Natura 2000, agus a cheangal ar na húdaráis inniúla – údaráis phleanála agus an Bord Pleanála – scrúdú agus measúnú níos sainráite a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol.

Tá cásanna nua le cinneadh ag an mBord Pleanála de thoradh reachtaíocht a ritheadh le deireanas, go háirithe cásanna maidir le nithe áirithe a thabhairt chun rialtachta chun géilleadh do na Treoracha um Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus um Ghnáthóga. Áirítear orthu siúd cásanna de 'Toiliú Ionaid' agus cásanna i dtaca le forbairtí a mhol údaráis áitiúla agus a dteastaíonn Measúnacht Chuí maidir leo.

The legislation governing quarries is necessarily complex given its retrospective nature. For Appropriate Assessment, the legislation is relatively straightforward but requires local authorities to obtain consent from the Board for projects which, up to now, would have been dealt with largely by way of their own internal consent process (section 179 of the Planning and Development Act, 2000 and Part 8 of the Planning and Development Regulations, 2001). The Board is required to examine these projects rigorously with due regard to proper planning and sustainable development, environmental impact, and effects on European sites. The Board is also required to ensure that the provisions of the Public Participation Directive are met and that the public has full access to information and is consulted at each stage of the consent process.

In 2012, An Bord Pleanála prepared for this new work by upskilling staff and Board Members and reorganising to be able to accept and deal with the new case types.

The first local authority cases relating to own development which required appropriate assessment have been determined, and guidance for local authorities on the information required in these applications is to be published in mid-2013, based on the experience of the early applications.

A large volume of quarry cases consisting primarily of applications for review of planning authority determinations on the status of quarries and also some related to the Substitute Consent process for quarries were received in 2012.

Reachtaíocht chúlghabhálach is ea an reachtaíocht a rialaíonn cairéil agus mar sin is reachtaíocht chasta í. I gcás Measúnachtaí Cuí, ní reachtaíocht chasta í ach ceanglaíonn sí ar údarais áitiúla toiliú a fháil ón mBord le haghaidh tionscadail ar déileáladh leo, go dtí seo, trína bpróisis inmheánacha toilithe féin den chuid is mó (alt 179 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus Cuid 8 de na Rialacha Pleanála agus Forbartha, 2001). Ceanglaítear ar an mBord na tionscadail seo a scrúdú go dian ag féachaint go cuí do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe, don tionchar ar an gcomhshaol agus dá n-éifeacht ar láithreáin Eorpacha. Ceangal eile ar an mBord ná an gá atá le cinntiú go gcomhlíontar forálacha na Treorach um Rannpháirtíocht an Phobail agus go mbíonn teacht iomlán ag an bpobal ar eolas agus go dtéitear i gcomhairle leis an bpobal ag gach céim den phróiseas toilithe.

Sa bhliain 2012, d'ullmhaigh an Bord Pleanála don obair nua seo trí oiliúint sna scileanna nua a thabhairt don fhoireann agus do bhaill an Bhoird agus atheagar a chur ar obair an Bhoird ionas go bhféadfaí glacadh leis na cineálacha nua cásanna agus déileáil leo.

Tá na chéad chásanna údarais áitiúil maidir le forbairt dhílis inar éilíodh measúnacht chuí cinnte agus foilseofar treoir d'údarais áitiúla i lár-2013, leis an eolas is gá a sholáthar sna hiarratais seo, bunaithe ar na hiarratais luatha.

Sa bhliain 2012 fuarthas lear mór cásanna cairéil comhdhéanta, den chuid is mó, d'iarratais ar athbhreithniú ar chinntí de chuid údarais áitiúla ar stádas cairéal agus roinnt cinntí a bhain le próiseas an Toilithe Ionaid do chairéil.

Information Communication Technology

Another major undertaking in 2012 was the preparation of an Information Communication Technology (ICT) Feasibility and Needs Study carried out by consultants PWC on behalf of the Board and the adoption by the Board of a 5 year ICT Strategy. The analysis found that a quantum change in An Bord Pleanála's ICT systems, infrastructure, organisation and resourcing is necessary with the main priorities being the replacement of the current case management system and development of a web portal. As part of the strategy, implementation of a Geographical Information System (GIS) which would represent a fundamental change in business process for An Bord Pleanála along with integrated Human Resources and accounting and finance systems would improve service to the public, reduce the risk associated with the existing legacy system, increase the efficiency of the organisation and release capacity to accommodate additional functions which may be assigned to An Bord Pleanála in the future. The strategy cannot, however, be funded from within the existing budgetary allocation and funds will have to be found to implement this much needed replacement of an essential facility.

Staffing and Operations

The retirement of several senior staff members including the Chief Officer at the beginning of 2012 coupled with the departure of four very experienced Board Members at the end of 2011 meant a loss of experience and corporate memory in An Bord Pleanála, something we have had to work very hard to make up for. The year also saw further implementation of the Employment Control Framework throughout the public sector as a means of reducing public sector numbers. An Bord Pleanála was required to reduce its staffing to 146 and to offer 16 posts for redeployment through the Public

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rud mór eile ar tugadh faoi sa bhliain 2012 ná staidéar ar Riachtanais agus Féidearthachtaí Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide a d'ullmhaigh PWC thar ceann an Bhoird agus ghlac an Bord Straitéis TFC cúig bliana. De réir na hanailíse bhí géarghá le bunathrú chun feabhais ar chórais, bonneagar, eagraíocht agus acmhainniú an Bhoird Phleanála agus gurb iad na rudaí ba phráinne córas nua a ghabhfadh áit an chórais bainistíochta reatha ar chásanna agus tairseach Gréasáin a fhorbairt. Mar chuid den straitéis, moladh Córas Faisnéise Geografaí, a d'athródh próiseas gnó an Bhoird Phleanála go bunúsach, mar aon le córais chomhtháite acmhainní daonna, cuntaisíochta agus airgeadais a d'fheabhsódh an tseirbhís don phobal, a laghdódh an riosca a ghabhann leis an gcóras oidhreacht a tá anois ann, a chuirfeadh le héifeachtúlacht na heagraíochta agus a chuirfeadh acmhainn ar fáil chun feidhmeanna breise, a d'fhéadfaí a shannadh ar an mBord Pleanála amach anseo, a chomhlíonadh. Ach ní féidir an straitéis sin a mhaoiniú as an mbuiséad atá ann anois agus beidh gá le cistiú breise chun athsholáthar a dhéanamh go práinneach ar an áis riachtanach seo.

Líon Foirne & Oibríochtaí

Cailleadh taithí agus cuimhne corparáidí sa Bhord Pleanála ag tús na bliana 2012 an tráth a ndeachaigh roinnt ball sinsearach foirne ar scor agus a d'fhág ceathrar comhaltaí cleachtacha an Bord. Bhí gá le hobair dhian chun an t-easnamh sin a chúiteamh. Cuireadh an Creat Rialaithe Fostaíochta i bhfeidhm tuilleadh ar fud na hearnála poiblí i mbliana mar shlí chun líon foirne na hearnála a laghdú. Iarradh ar an mBord Pleanála a líon foirne a laghdú go 146 agus 16 phost a thairiscint lena n-implonnú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tar éis cleachtadh pleanála lucht oibre a cuireadh i bhfeidhm ar an

Appointments Service. Following a workforce planning exercise implemented as sensitively and professionally as possible, we have managed to redeploy the required number of staff to other public service organisations. However, it must be recognised that this has been a difficult time for our staff, both those who left the organisation and those who remained, and work has had to be reallocated amongst our remaining staff. Staff in An Bord Pleanála have stepped up to the mark and have shown the flexibility and cooperation required to deal with the new environment, and have done this in the context of taking on new work.

On the budgetary front, An Bord Pleanála, like other public sector bodies, faced a further decrease in exchequer funding in 2012, down 6% on 2011 to €12,897,000, an overall decrease of 14.6% since 2008. This has since been cut again in 2013 by 8.57% to €11,793,000. Earned income in 2012 also fell by 12% on 2011 to €2,473,000 and 68% on 2008.

Concluding Remarks

Finally, at the end of my first full year as Chairperson of An Bord Pleanála, I would like to thank the staff for their hard work, dedication and loyalty to the organisation and for the flexibility and co-operation they have shown over the past year in challenging circumstances. I would also like to thank my fellow Board Members for their continued support and professionalism during 2012.


tslí ab íogair agus ba ghairmiúla a d'fhéadfaí d'éirigh linn an líon sin foirne a ath-imlonnú go dtí eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí. Ach ní mór a aithint go raibh deacrachtaí ar leith le sárú sa tréimhse seo ag an bhfoireann seo againn, acu siúd arbh éigean dóibh an eagraíocht a fhágáil agus acu siúd a d'fhan, agus b'éigean obair a ath-leithdháileadh i measc na foirne atá anois ann. Rinne foireann an Bhoird Pleanála a lándícheall chun a bheith solúbtha agus comhoibritheach i dtaca leis na socruithe nua oibre agus le hobair nua a ghlacadh orthu féin.

Maidir le buiséad de, rinneadh laghdú eile sa bhliain 2012 ar chistiú an Bhoird Pleanála ón státchiste, mar a rinneadh i gcás comhlachtaí eile earnála poiblí, de 6% ar fhiigiúr na bliana 2011, go €12,897,000 arb ionann é agus 14.6% de laghdú ar an mbliain 2008. Gearradh an fiigiúr sin tuilleadh sa bhliain 2013, de 8.57% go €11,793.000. Thit an t-ioncam tuillte, chomh maith, de 12% ar an mbliain 2011, go €2,473,000 agus de 68% ar an mbliain 2008.

Ráiteas Scoir


Mar fhocal scoir, ag deireadh mo chéad bhliana mar Chathaoirleach an Bhoird Pleanála, glacaim buíochas leis an bhfoireann as an obair dhian agus an dílseacht, an tsolúbthacht agus an comhoibriú a léirigh siad i gcúinsí dúshlánacha sa bhliain a ghabh romhainn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtacaíocht agus a ngairmiúlacht i gcaitheamh na bliana 2012.

I would also like to thank the Minister for the Environment, Community and Local Government Mr. Phil Hogan TD and Minister for State with responsibility for Planning, Ms. Jan O'Sullivan TD and officials from the Department of the Environment, Community and Local Government for their support for the Board. Thanks are also due to the various consultants who provide an invaluable service to the Board, to the management and officials of the planning authorities for their co-operation and to the Board's legal advisers.



Dr. Mary Kelly
Chairperson

Ba mhaith liom, chomh maith, mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, T.D., leis an Aire Stáit Pleanála, Jan O'Sullivan, T.D. agus le hoifigigh na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as a dtacaíocht don Bhord. Tá buíochas ag dul do na sainchomhairleoirí éagsúla, leis, a thugann seirbhís mhórluachmhar don Bhord, do na bainisteoirí agus d'oifigigh na n-údarás pleanála as a gcomhoibriú, agus do chomhairleoirí dlí an Bhoird.



An Dr. Máire Ní Cheallaigh
Cathaoirleach

4. Planning Operations | Oibríochtaí Pleanála

All Planning Cases | Gach Cás Pleanála

Figures 1 to 5 contain key performance indicators in relation to all planning casework received and disposed of by the Board in 2012. A breakdown by reference to normal planning appeals, local authority projects and other cases is provided in Figures 6 to 16.


I bhFígiúirí 1 go 5 gheofar na príomhtháscairí feidhmíochta maidir le gach cásobair phleanála dá bhfuarthas agus dár chuir an Bord de lámh i 2012. Cuirtear miondealú den chásobair ar fáil i bhFígiúirí 6 go 16, le tagairt do ghnáth-achomhairc pleanála, do thionscadail údaráis áitiúil agus do chásanna eile.

FIGURE 1 All Planning Cases

Trend in intake, disposal and cases on hands 2003 to 2012

FIGIÚR 1 Gach Cás Pleanála

Claonadh i gcásanna a fuarthas, a cuireadh de lámh agus a bhí idir lámha 2003 go dtí 2012



¹Figures exclude Quarry Notice cases and Pre-Application Consultation cases.

¹ Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna fógra cairéil agus cásanna comhairliúcháin réamhiarratais

FIGURE 2

Summary of all Planning Cases

FIGIÚR 2

Achoimre Gach Cás Pleanála

		2012	2011	Increase/ (decrease) Méadú/ (laghdú) %
On hands at start	Idir lámha ag an tús	719	935	(23%)
Received	Faighthe	2,227 ²	2,110	6%
Disposed of	Curtha de láimh	1,794 ²	2,326	(23%)
On hands at end	Idir lámha ag an deireadh	1,152 ²	719	60%
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil	41% ^{1&2}	81% ¹	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	23 ^{1&2}	18 ¹	26%

¹ This figure excludes pre-application consultation cases / Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin réamhiarratais

² Figures do not include Quarry Notice Cases figures / Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna fógra cairéil

Statutory objective periods for determining cases

Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of the Board a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time.

In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no statutory objective time period applies. It is a strategic objective of the Board to determine 90% of all cases which come before it within eighteen weeks/four months regardless of whether or not a statutory objective period applies.

Spriocthréimhsí reachtúla le cásanna a chinneadh

Faoi fhorálacha sna hAchtanna agus sna Rialacháin um Pleanáil, um Rialú Foirgníochta agus um Thruailliú Uisce a rinneadh faoi na hAchtanna seo leagtar síos mar chuspóir de chuid an Bhoird riachtanas chun a chinntiú go dtabharfar cinneadh ar achomhairc agus ar ábhair áirithe eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama.


I bhformhór na gcásanna, 18 seachtaine atá i gceist; ceithre mhí atá i gceist i gcásanna áirithe agus i gcásanna eile fós níl aon spriocthréimhse reachtúil i bhfeidhm. Cuspóir straitéiseach de chuid an Bhoird is ea é 90% de na cásanna ar fad a thagann os a chomhair a chinneadh laistigh de ocht seachtaine déag/de cheithre mhí beag beann ar cibé an bhfuil spriocthréimhse reachtúil i bhfeidhm nó nach bhfuil.

FIGURE 3

Percentage of cases determined within statutory objective period 2003 to 2012

FIGIÚR 3

Céatadán de chásanna a chinntíodh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil 2003 go dtí 2012



During 2012, the Board complied with the statutory requirement that notice in writing be served on the parties to a case where it would not be possible or appropriate to determine the case within the statutory objective period. Figure 4 gives details of the number of weeks it took to decide cases from 2003 to 2012.

Le linn 2012, chlóigh an Bord leis an riachtanas reachtúil go dtabharfaí fógra i scríbhinn do na páirtithe i gcás áit nach féidir nó nach bhfuil sé oiriúnach cinneadh a dhéanamh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil. Tugann Figiúr 4 sonraí faoi líon na seachtain a thóg sé cinneadh a dhéanamh i gcásanna ó 2003 go dtí 2012.

FIGURE 4

Average time taken to dispose of cases (weeks)

FIGIÚR 4

Meán ama a thóg sé cásanna a chur de láimh (seachtainí)

Year	Normal planning appeals	Strategic Infrastructure Development Cases	Other cases	All
Bliain	Gnáth-Achomhairc Phleanála	Forbairtí Bonneagair Straitéisigh	Cásanna Eile	Iomlán
2003	14	-	13	16
2004	14	-	9	14
2005	15	-	10	15
2006	18	-	14	18
2007	20	16	13	19
2008	24	30	27	24
2009	23	35	25	23
2010	19	46	23	20
2011	17	51 ¹	18	18 ¹
2012	23 ²	51 ¹	16 ²	23 ^{1 & 2}

¹ This figure excludes pre-application consultation cases/ Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin reamhiarratais

² This figure excludes quarry notices / Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna fógra cairéil

Oral hearings

Appeals and referrals are generally dealt with on the basis of written submissions from the parties together with a site inspection by an inspector appointed by the Board. Oral hearings are generally held in relation to applications for Strategic Infrastructure Development. The Board has absolute discretion to hold an oral hearing of any case whether or not a hearing is requested.

In 2012, 25 of the 27 oral hearings held related to strategic infrastructure developments and other local authority projects. The other two oral hearings held related to normal planning appeal cases.

The majority of the oral hearing requests made related to normal planning appeals of which 27 were refused and one was granted. The remainder did not require a decision as the relevant appeal was either withdrawn, dismissed or invalidated or the request was still awaiting a decision at the end of 2012.

Éisteachtaí ó bhéal


De ghnáth déileáiltear le hachomhairc agus le nithe a chuirtear faoi bhráid an Bhoird ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe mar aon le cigireacht ar an suíomh ag cigire arna cheapadh ag an mBord. Reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal de ghnáth i leith iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh. Is faoi rogha an Bhoird amháin atá sé éisteacht ó bhéal a reáchtáil i gcás ar bith cibé acu má iarrtar éisteacht nó nach n-iarrtar.

I 2012, bhain 25 de 27 éisteachtaí ó bhéal le forbairtí bonneagair straitéisigh agus tionscadail udaráis áitiúil eile. Bhí baint ag an dá éisteacht ó bhéal eile a bhí ar siúl le gnáth cásanna achomhairc pleanála.

Bhí an chuid is mó de na hiarratais ar éisteachtaí ó bhéal bainte le ghnáth-achomhairc pleanála, nár dheonaíodh ach ceann amháin díobh agus a dhiúltaíodh 27. Ní raibh gá le cinneadh ar an gcuid eile dóibh toisc go raibh an t-achomharc iomchuí á tharraingt siar, á dhíbhe nó a chur ó bhail ag an t-iarratasóir, nó go raibh cinneadh fós le teacht ag deireadh na bliana 2012.

FIGURE 5
Oral Hearings of all cases

FIGIÚR 5
Éisteachtaí béil maidir le gach cás



Inspectors' Reports and Recommendations

In 2012 the number of formal decisions made with Inspectors' reports were 1,427. The number of Inspectors' recommendations not generally accepted by the Board was 284 (19.9%) compared to 289 (14.9%) in 2011.

Tuarascálacha agus Moltaí na gCigirí

Sa bhliain 2012 ba é 1,427 an líon cinntí foirmiúla a rinneadh le tuarascálacha Cigirí. Ba é 284 (19.9%) líon moltaí na gCigirí nár ghlac an Bord leo i gcoitinne i gcomparáid le 289 (14.9%) sa bhliain 2011.

4. Planning Operations | Oibríochtaí Pleanála

Normal Planning Appeals | Gnáth-Achomhairc Phleanála

Introduction

Normal planning appeals i.e. under section 37 of the 2000 Planning Act (and under section 26 of the 1963 Planning Act for old planning cases) accounted for 64% of the intake of cases in 2012. Such appeals arise from decisions by planning authorities on applications for permission for the development of land.

Normal planning appeals may be first party, third party or first and third party. Appendix 1 analyses the above categories of appeals and the effect of appeal decisions by reference to the category of appeal and the planning authority decision.

Tús Eolais

Ba ghnáth-achomhairc phleanála i.e. achomhairc faoi alt 37 den Acht Pleanála 2000 (agus faoi alt 26 d'Acht Pleanála 1963 i gcás seanchásanna pleanála) 64% de na cásanna a glacadh sa bhliain 2012. Tagann achomhairc den sórt sin de chinntí ag údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt.

Is féidir le gnáth-achomhairc phleanála a bheith ina n-achomhairc céad páirtí, tríú páirtí nó céad agus tríú páirtí. Déantar anailís in Aguisín 1 ar na catagóirí achomhairc thuasluaite agus ar an éifeacht atá ag na cinntí achomhairc trí thagairt a dhéanamh do chatagóir an achomhairc agus do chinneadh an údaráis pleanála.

FIGURE 6

Summary of Normal Planning Appeals


FIGIÚR 6

Achoimre na Gnáth Achomhairc Phleanála

		2012	2011	Increase/ (decrease) %
				Méadú/ (laghdú)
On hands at start	Idir lámha ag an tús	583	742	(21%)
Received	Faighte	1,431	1,779	(20%)
Disposed of	Curtha de láimh	1,436	1,938	(26%)
On hands at end	Idir lámha ag deireadh	578	583	(1%)
Disposed of within statutory objective period	Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil	36%	83%	-
Average time taken (weeks)	Meán ama a tógadh (seachtainí)	23	17	35%

FIGURE 7
Normal Planning Appeals by Development Type

FIGIÚR 7
Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte de réir Catagóire Forbartha



¹ Includes Apartment Developments / Lena n-áirítear Forbairtí Árasán
 * Figures shown under 'residential' in this graph includes units in hostels, hotels, nursing homes and similar types of accommodation. Residential units may also be included under other development categories e.g. mixed / *Áirítear ar na bhfigiúirí faoi 'cónaithe' sa ghráf seo aonaid i mbrúna, in ostarín, i dtithe aitránais agus i gceolacha cónaithe eile. Féadfar aonaid chónaithe a chuimsiú, leis, faoi chatagóirí eile forbairtí, m.sh. forbairtí measctha.

FIGURE 8

Analysis of normal planning appeals disposed of and of invalid cases

FIGIÚR 8

Anailís ar ghnáth-achomhairc phleanála a cuireadh de láimh agus anailís ar chásanna neamhbhailí

Appeals Disposed of	Achomhairc curtha de láimh	2012	2011
Formally	Go foirmeálta	1,220	1,673
Otherwise	Ar bhealaí eile	216	265
- Invalid All	- Neamhbhailí Iomlán	135	153
· late	· déanach	40	37
· no acknowledgement	· gan admháil	35	25
· incorrect fee / no fee	· táille mícheart / gan táille	44	65
· name/address of appellant / agent	· ainm / seoladh achomharcóir / gníomhaire	10	9
· grounds / subject	· bonn / ábhar	5	7
· hours	· uaireanta	0	2
· other	· eile	1	8
- Appeal withdrawn by appellant (section 140(1) of 2000 Act)	- Achomharc aistarraingthe ag an achomharcóir (alt 140(1) den Acht 2000)	47	77
- Application withdrawn by applicant (section 140(1) of 2000 Act)	- Iarratas aistarraingthe ag an iarratasóir (alt 140(1) den Acht 2000)	22	23
- Appeal dismissed (section 133 of the 2000 Act)	- Achomharc dífe (alt 133 den Acht 2000)	1	0
- Appeal dismissed (section 138(1)(a)(i) of 2000 Act)	- Achomharc dífe (alt 138(1)(a)(i) den Acht 2000)	1	6
- Appeal dismissed (section 138(1)(b) of the 2000 Act)	- Achomharc dífe (alt 138(1)(b) den Acht 2000)	9	2
- Appeal declared withdrawn section 140(2) of 2000 Act)	- Fógraíodh gur aistarraingíodh an achomharc (alt 140(2) den Acht 2000)	1	3
- Application declared withdrawn (section 140(2) of 2000 Act)	- Fógraíodh gur aistarraingíodh an t-iarratas (alt 140(2) den Acht 2000)	0	0
- Otherwise disposed of	- Curtha de láimh i slí eile	0	1
Total	Iomlán	1,436	1,938

Invalid Appeals

The rate of invalid appeals in 2012 increased from 8.2% in 2011 to 9.4% of the total disposed.

Fee: There are different fees applicable to different types of appeals and the correct fee must be lodged at the time of making an appeal. Details of current fees are available on the Board's website.

Late: The period for making an appeal is four weeks starting on the day a planning authority makes its decision. The Board's website has an interactive ready reckoner designed to assist in calculating the last day for making an appeal.

No acknowledgement: The stringent requirements of the 2000 Act generally require a third party appellant to include an acknowledgement from the planning authority of their submission or observation made at application stage.

Name and address: An appeal must state the name and address of the appellant and of the person, if any, acting on his/her behalf.

Achomhairc Neamhbhailí

Mhéadaigh líon na n-achomharc neamhbhailí sa bhliain 2012 ó 8.2% sa bhliain 2011 go 9.4% den iomlán a cuireadh de láimh.

Táille: Baineann táillí éagsúla le gach saghas achomhairc agus caithfear an táille cheart a íoc ag an am a dhéantar an achomharc. Is féidir sonraí a fháil maidir le táillí reatha ar shuíomh idirlín an Bhoird.

Déanach: Is é ceithre seachtaine an tréimhse achomhairc ag tosú ar an lá a ndéanann an t-údarás pleanála a chinneadh. Tá ré-áireamhán idirghníomhach ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird chun cuidiú le daoine an lá deireanach le hachomharc a dhéanamh a ríomh.

Gan admháil: Faoi dhianriachtanais Acht na bliana 2000 ní mór de ghnáth d'achomharcóir tríú páirtí admháil a sholáthar ón údarás pleanála maidir lena n-aighneacht nó leis an mbarúil a chuir siad isteach ag céim an iarratais.

Ainm agus seoladh: Ní mór d'achomharc ainm agus seoladh an achomharcóra a lua agus ainm agus seoladh an duine, más ann dó, atá ag gníomhú ar a s(h)on.

Appeals by Area

An analysis of planning application decisions, appeals and appeal decisions for each county and city area is shown in Appendix 3. Overall, the number of appeals received in 2012 as a percentage of planning authority applications was 7.1% compared to 7.7% in 2011. Dublin City Council (13.3%), Cork City Council (13.1%) and Dun Laoghaire-Rathdown County Council (11.5%) had the highest levels of decisions appealed.

This was generally in line with recent years.

Achomhairc de réir Ceantair

Tugtar in Aguisín 3 anailís ar chinntí maidir le hiarratais phleanála, achomhairc agus cinntí achomhairc i gcás gach limistéir contae agus cathrach. Achomhairc ab ea 7.1% de na hiarratais phleanála a fuarthas sa bhliain 2012, i gcomparáid le 7.7% sa bhliain 2011. Ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (13.3%), Comhairle Cathrach Chorcaí (13.1%) agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (11.5%) a bhí na líonta ba mhó achomharc in aghaidh cinntí.


Glactar le seo mar an gcéanna le blianta beaga anuas.

FIGURE 9

Appeals received, disposed of and on hands 2003 to 2012

FIGIÚR 9

Achomharc a fuarthas, a cuireadh de láimh 2003 go dtí 2012



Priority Appeals.

Some normal appeals are classified within the Board as 'Priority Appeals'. These are appeals in respect of developments which have a significant employment potential, or involve projects of significant economic potential on a national, regional and/or local scale, or major infrastructural developments that would not be classified under the legislation as Strategic Infrastructure Developments. In addition prioritisation is given to new school buildings/ educational facilities, and extensions to such facilities, in line with Government policy in this area. There is a case by case analysis of the requirement to give an appeal case Priority status at an early stage on receipt by the Board.

Submission of documents to the Board by Planning Authorities

In 2012, planning authorities submitted the planning file and other documents in relation to appeals to the Board within the statutory period of two weeks in 85% of appeals (83% in 2011).

Rural Housing

The Minister for the Environment, Community and Local Government launched the Sustainable Rural Housing Guidelines in April 2005. As the guidelines are issued under section 28 of the Planning and Development Act 2000 the Board must have regard to them. An analysis of the outcome of appeals to which the guidelines applied is contained in Appendix 2.

Achomhairc Thosaíochta

Aicmítear gnáth-achomhairc áirithe mar 'Achomhairc Thosaíochta'. Achomhairc iad sin a bhaineann le forbairtí a d'fhéadfadh líon mór post a chur ar fáil, nó le tionscadail a bhféadfadh tábhacht gheilleagrach a bheith leo ar scála náisiúnta, réigiúnach agus / nó áitiúil, nó le mórphorbairtí bonneagair nach n-aicmeofaí faoin reachtaíocht mar Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh. Lena chois sin, tugtar tús áite d'fhoirgnimh nua scoile / áiseanna oideachais, agus do leathnuithe ar shaoráidí dá sórt, ar aon dul le beartas an Rialtais sa réimse seo. Go luath tar éis don Bhord achomharc a fháil déantar anailís ar bhonn cáis cibé ar cheart stádas tosaíochta a thabhairt dó.

Doiciméid á gcur ar aghaidh chuig an mBord ag Údaráis Phleanála

Sa bhliain 2012 chuireadh údaráis phleanála an comhad phleanála agus na doiciméid eile a bhain le hachomhairc chuig an mBord laistigh den spriocthréimhse reachtúil coicíse in 85% d'achomhairc (83% sa bhliain 2011).

Tithíocht Tuaithe

Sheol an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na Treoirínte um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe in Aibreán na bliana 2005. Toisc go n-eisítear na treoirínte faoi alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ní mór don Bhord aird a thabhairt orthu. Gheofar in Aguisín 2 anailís ar thorthaí na n-achomharc ar bhain na Treoirínte leo.

4. Planning Operations | Oibríochtaí Pleanála

Strategic Infrastructure Cases | Cásanna Bonneagair Straitéisigh

Introduction

The Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006 provided for the making of direct applications for public and private strategic infrastructure development to the Board. While certain local authority development applications and associated compulsory acquisition cases had been dealt with by the Board since 2001, these were classified as strategic infrastructure in the 2006 Act and the Board effectively became a one-stop shop for the determination of public and private infrastructure applications.

Types of development falling within the strategic infrastructure process include:

- large-scale energy
- transport and environmental and health infrastructure (7th Schedule 2006 Act)
- electricity transmission lines
- railway infrastructure
- strategic gas infrastructure
- road schemes and major road developments
- other local authority developments for which Environmental Impact Assessment is required.
- compulsory purchase of lands relating to the above

Strategic Infrastructure Development Process

For SID proposals (other than local authority developments) it is mandatory for the prospective applicant to enter into pre-application consultations with representatives of the Board comprising both technical and administrative staff. The principal purpose of consultations is to ascertain if the proposal constitutes SID, and also to give an opportunity for the Board to advise on

Réamhrá

Foráileadh san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 le haghaidh iarratais dhíreacha a dhéanamh chuig an mBord maidir le forbairt bonneagair straitéisigh idir phoiblí agus phríobháideach. Cé gur dhéileáil an Bord le hiarratais áirithe ar fhorbairt údaráis áitiúil agus cásanna de cheannach éigeantach a ghabh leo ón mbliain 2001 ar aghaidh, aicmíodh na cásanna sin mar bhonneagar straitéiseach in Acht na bliana 2006 agus tháinig an Bord, i ndáiríre, chun bheith ina shiopa ilfhreastail chun iarratais ar bhonneagar poiblí agus príobháideach a chinneadh.

Ar na cineálacha forbartha is ceadmhach a shainiú mar bhonneagar straitéiseach tá:

- fuinneamh ar an mórchoir
- bonneagar iompair agus comhshaoil agus sláinte (Seachtú Sceideal Acht 2006)
- línte tarchuir leictreachais
- bonneagar iarnróid
- bonneagar straitéiseach gáis
- scéimeanna bóthair agus mórfhorbairtí bóthair
- forbairtí údaráis áitiúil eile dá dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta.
- ceannach éigeantach talún a bhaineann leis an méid thuas

Próiseas an Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh

I gcás na dtograí FBS (seachas forbairtí údaráis áitiúil) ceanglaítear ar iarratasóirí ionchais dul i mbun comhairle réamhiarratais le hionadaithe an Bhoird, idir fhoireann theicniúil agus fhoireann riaracháin. An príomhchuspóir atá leis an gcomhairliú ná a fháil amach cibé an FBS atá sa togra beartaithe, agus deis a thabhairt don Bhord an t-iarratasóir a chomhairliú maidir le

what considerations relating to proper planning and sustainable development or the environment may have a bearing on the decision of the Board in the event of an application being made.

Advice is also given on procedures for making an application. Consultation meetings do not discuss the merits of the proposal. The pace of the consultation process is generally determined by the prospective applicant. Meetings may also be held with other relevant bodies such as the local authority and prescribed bodies. A record is kept of all consultations and is made public at the end of the consultation process.

Applications deemed to be SID must be made directly to An Bord Pleanála. In most cases, these are accompanied by an Environmental Impact Statement.

SID Applications 2012

1. General SID Applications

The Board received 19 requests for pre-application consultations, held 48 meetings with prospective applicants and concluded 26 requests (carryover from previous years). On average there were 3 meetings per proposal. Of the 26 cases concluded, 9 were deemed to be SID, 8 were deemed not to be SID, 6 were withdrawn/consultations closed and 3 were invalid/other. See Figures 10 and 11.

In 2012, 8 applications were received, 4 oral hearings were held and 9 applications were concluded. In respect of the concluded cases the Board granted approval subject to conditions for 5 electricity applications, approved one gas application and an associated compulsory acquisition order, made one railway order in respect of a light railway system and refused permission for a major hospital development.

comaoineacha ar dhea-phleanáil agus forbairt inbhuanaithe nó an comhshaol, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinneadh an Bhoird i gcás iarratas a bheith déanta. Tugtar comhairle, leis, maidir leis an tslí le hiarratas a dhéanamh. Ní phléitear fiúntas an togra ag cruinnithe comhairliúcháin. Is é an t-iarratasóir ionchasach a chinneann luas an phróisis chomhairliúcháin. Is féidir cruinnithe a bheith ann le comhlachtaí ábhartha eile ar nós an údarais áitiúil agus comhlachtaí forordaithe. Coimeádtar taifead de gach seisiún comhairliúcháin agus cuirtear ar fáil don phobal é ag deireadh an phróisis chomhairliúcháin.

Iarratais a mheastar a bheith ina FBS, caithfear iad a dhéanamh díreach chuig an mBord Pleanála. I bhformhór na gcásanna bíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta ag gabháil leo.

Iarratais FBS 2012

1. Iarratais Ghinearálta FBS

Fuair an Bord 19 n-iarratas ar chomhairliúchán réamh-iarratais, bhí 48 cruinniú ann le hiarratasóirí ionchasach agus tugadh 26 iarratas ar chomhairliúchán chun críche (bhí riaráiste iarratas ar chomhairliúchán ann ó bhlianta roimhe sin). Trí chruinniú in aghaidh gach iarratais a bhí ann, ar an meán. De na 26 cás a tugadh chun críche, measadh gur FBS a bhí i 9 gcinn díobh, nárbh ea i gcás 8 gcinn díobh, tarraingíodh 6 cinn siar nó dúnadh an chomhairliúcháin agus bhí 3 cinn neamhbhailí/nó neamhoiriúnach ar chúiseanna eile. Féach Figiúirí 10 agus 11.

Sa bhliain 2012 fuarthas 8 n-iarratas, eagraíodh 4 éisteacht ó bhéal agus tugadh 9 n-iarratas chun críche. I dtaca leis na cásanna a tugadh chun críche, dheonaigh an Bord cead faoi réir coinníollacha i gcás 5 iarratas leictreachais, cheadaíodh iarratas gáis amháin agus ordú fáil éigeantach a ghabh leis, rinneadh ordú iarnróid amháin i dtaca le córas iarnróid éadroime agus diúltaíodh cead le haghaidh mórfhorbairt ospidéal.

FIGURE 10 SIDS (excluding Local Authority Applications) Pre-Application Consultations		FIGIÚR 10 FBS (seachas iarratais ó údaráis áitiúla) Comhairliúcháin Réamhiarratais	
	2012	Since January 2007 Ó Eanáir 2007	
Received	19	233	
Meetings Held Cruinnithe a tionóladh	48	413	
Concluded Críochnaithe	26	210	
FIGURE 11 Strategic Infrastructure Cases (excluding Local Authority Cases)		FIGIÚR 11 Cásanna Bonneagair Straitéisigh (Seachas Cásanna Údaráis Áitiúil)	
	Received 2012 Faighte 2012	Concluded 2012 Críochnaithe 2012	On-hands end 2012 Ar láimh, deireadh 2012
Consultation Requests Iarrataí ar Chomhairliúchán	19	26	23
Applications Iarratais	8	9	7
Scoping Requests Iarrataí Scóipe	0	2	0
Alteration/Amendment Requests Iarrataí ar Athrú/Leasú	4	3	1
Total Iomlán	31	40	31
FIGURE 12 Local Authority Strategic Infrastructure Cases		FIGIÚR 12 Cásanna Bonneagair Straitéisigh ag Údaráis Áitiúla	
	Received 2012 Faighte 2012	Concluded 2012 Críochnaithe 2012	On-hands end 2012 Ar láimh, deireadh 2012
Applications Iarratais	15	21	13
Scoping Requests Iarrataí Scóipe	1	0	1
Environmental Impact Assessment Screening Cases Cásanna Scagtha um Mheasúnú Tionchar Timpeallachta	6	7	2
Alteration/Amended Requests Iarrataí ar Athrú/Leasú	0	1	0
EIS Exemption Díolúine ó RMT	0	0	0
Total Iomlán	22	29	16

2. Local Authority SID Applications

There were 21 local authority applications concluded, 17 of which were approved subject to conditions and 4 were refused approval. Of these 21 applications, 11 major road projects were concluded, seven of which were approved. See Figure 12

Other Local Authority Projects

In addition to strategic infrastructure cases, the Board also deals with other local authority cases including compulsory purchase orders and compulsory acquisition under the Derelict Sites Act.

2. Iarratais FBS ó Údaráis Áitiúla

Tugadh 21 iarratas údaráis áitiúil chun críche, ceadaíodh 17 faoi réir coinníollacha agus diúltaíodh cead do cheithre iarratas eile. Den 21 sin, bhain 11 le mórtograí bóthair, ar ceadaíodh seacht gcinn díobh. Féach ar Figiúr 12.

Tionscadail Eile Údaráis Áitiúil

Le cois na gcásanna bonneagair straitéisigh, déileálann an Bord le cásanna eile údaráis áitiúla, lena n-áirítear orduithe ceannaigh éigeantaigh agus fáil éigeantach faoi Acht na Láithreán Tréigthe.

FIGURE 13

Local Authority Projects other than Strategic Infrastructure

FIGIÚR 13

Tionscadail Údaráis Áitiúil nár Bhonneagair Straitéiseach iad

	Received 2012 Faighe 2012	Concluded 2012 Críochnaithe 2012	On-hands end 2012 Ar láimh, deireadh 2012
Compulsory Acquisition CPO Fáil Éigeantach OCÉ	21	27	1
Compulsory Acquisition Derelict Sites Fáil Éigeantach Láithreán Tréigthe	0	1	0
Other Local Authority Projects Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile	0	2	0
Total Iomlán	21	30	1

Of the compulsory acquisition cases concluded in 2012, six cases were approved without modifications and three were approved with modifications. There were 12 informal decisions e.g. where no objections were received in CPO cases and four applications were withdrawn. The other local authority project cases concluded in 2012 relate to local authority development approval applications lodged prior to classification of such cases as strategic infrastructure. Of the other cases decided, 43% were formally disposed of within the statutory objective period.

De na cásanna fáil éigeantaigh a tugadh chun críche sa bhliain 2012, ceadaíodh sé chinn gan mhionathrú agus ceadaíodh trí chinn le mionathruithe. Rinneadh 12 chinneadh neamhfhoirmiúil m.sh. i gcás nach bhfuarthas aon aighneacht i gcás Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, agus aistarraingíodh ceithre chás. Na cásanna tionscadail údaráis áitiúil eile a tugadh chun críche sa bhliain 2012, bhain siad le hiarratais ar chead forbartha údaráis áitiúil a taisceadh sular aicmíodh cásanna dá sórt mar bhonneagar straitéiseach. De na cásanna eile a cinneadh, cuireadh 43% díobh de láimh go foirmiúil laistigh den tréimhse chuspóir reachtúil.

Local Authority Appropriate Assessment Cases

Appropriate Assessment is the scientific investigation of the implications of a project (or plan) on a site which is protected pursuant to the Habitats Directive.

Where a Local Authority Project, which does not require Environmental Impact Assessment, requires Appropriate Assessment, the competent authority for the assessment of the project is An Bord Pleanála.

New Irish planning legislation which enshrined the responsibilities under the Habitats Directive, came into operation on 21st September, 2011. From that date, Local Authority Projects requiring Appropriate Assessment had to be submitted to An Bord Pleanála.

An Bord Pleanála is also the competent authority to determine if a Local Authority Project requires Appropriate Assessment to be carried out.

Cásanna Measúnacht Chuí ó Údaráis Áitiúla

Is éard is Measúnacht Chuí imscrúdú eolaíoch ar impleachtaí togra (nó plan) maidir le suíomh atá faoi chosaint de bhun na Treorach um Ghnáthóga.

I gcás ina gceanglaítear Measúnacht Chuí maidir le Tionscadal Údaráis Áitiúil, ach nach gceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta, is é An Bord Pleanála an tÚdarás inniúil chun an togra a mheasúnú.

Tháinig reachtaíocht pleanála nua Éireannach, inar cumhdaíodh na freagrachtaí faoin Treoir um Ghnáthóga, i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair 2011. Ón dáta sin ar aghaidh b'éigean Tionscadail Údaráis Áitiúla inar ceanglaíodh Measúnacht Chuí a chur ar aghaidh chuig an mBord Pleanála.

Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil, chomh maith, chun a chinneadh cibé an dteastaíonn Measúnacht Chuí le haghaidh Tionscadal Údaráis Áitiúil nó nach dteastaíonn.

Figure 14 Local Authority Projects and Appropriate Assessment **Figiúr 14** Tionscadail Údaráis Áitiúil agus Measúnacht Chuí

	Received 2012 Faighte 2012	Concluded 2012 Críochnaithe 2012	On-hands end 2012 Ar láimh, deireadh 2012
Appropriate Assessment Applications Iarratais ar Mheasúnacht Chuí	14	10	4
Appropriate Assessment Determinations Cinntí Mheasúnacht Chuí	4	2	2

4. Planning Operations | Oibríochtaí Pleanála

Quarries and Substitute Consent | Cairéil agus Toiliú Ionaid

Quarry Notice / Review Cases

Following on from the European Court of Justice (ECJ) decision in case C-215/06 (July 2008), which necessitated the removal from Irish planning legislation of the general facility enabling applications for permission to retain development in respect of which Environmental Impact Assessment (EIA) would have been required, a new, once-off, provision, was introduced in 2011 to address related outstanding legal issues in the quarry sector.

The new section 261A, inserted into the 2000 Act under Section 75 of the 2010 Act, became operational on 15th November 2011. The section required planning authorities to examine all quarries in their areas, within a nine month timeframe, and to identify those with outstanding Environment Impact Assessment or Appropriate Assessment (AA) issues (this being also included as similar legal issues were deemed to apply). Those quarries so identified were issued with a Notice either directing an application to An Bord Pleanála for Substitute Consent or advising of the intention to issue an enforcement notice requiring the cessation of operations. A quarry owner/operator, or any 'third party' who lodged observations to the planning authority and was issued with a copy of the Notice, could also apply to the Board, within a 21 day period from the date of the Notice, for a review of the planning authority's determinations/decisions as set out in the Notice. The Board is required to either confirm or set aside the determinations/decisions of the planning authority.

In total, 334 review applications were lodged to the Board during the period June to September 2012. The great bulk of cases were lodged by or on behalf of quarry owners/operators with a much smaller number arising from third parties.

Cásanna maidir le hAthbhreithniú / Fógraí ar Chairéal

Ag éirí as cinneadh Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gcás C-215/06 (Iúil 2008), arbh éigean, dá bharr, an áis ghinearálta inar cumasaíodh d'iarratais ar chead chun forbairt a choinneáil i gcás ina mbeadh Measúnacht Tionchair Timpeallacht riachtanach a bhaint den reachtaíocht pleanála Éireannach, tugadh isteach foráil nua aon uaire sa bhliain 2011 chun aon cheist dlí a bhí fós amuigh san earnáil cairéal a réiteach.

Tháinig an t-alt nua 261A, a cuireadh isteach in Acht na bliana 2000 faoi Alt 75 d'Acht na bliana 2010, i bhfeidhm an 15 Samhain 2011. Faoi alt nua ceanglaítear ar údaráis phleanála gach cairéal ina limistéar feidhme a scrúdú laistigh de naoi mí agus na cinn sin nach ndearnadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chúí ina leith a aithint (cuireadh an dara ceann sin san áireamh de bhrí gur measadh gurb ionann na ceisteanna dlí a bhain leis). Na cairéil sin a aithníodh amhlaidh, eisíodh fógra chucu ag ceangal orthu iarratas ar Thoilíú Ionaid a chur faoi bhráid an Bhoird nó ag cur in iúl dóibh go raibh beartaithe ag an mBord fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint ina gceanglófaí go scoirfí d'oibríocht an chairéil. Úinéir nó oibreoir cairéil, nó tríú páirtí ar bith a rinne aighneachtaí i scríbhinn chuig an údarás pleanála agus ar eisíodh cóip den fhógra dó, d'fhéadfadh sé iarratas a dhéanamh chuig an mBord, laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra, ar athbhreithniú ar bhreith nó ar chinneadh nó orthu araon de chuid an údaráis phleanála dá dtagraítear san fhógra. Ceanglaítear ar an mBord cinneadh nó breith an údaráis pleanála a dheimhniú nó a chur i leataobh.

Cuireadh 334 iarratas ar athbhreithniú chuig an mBord sa tréimhse idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2012. Formhór na n-iarratas is úinéirí nó oibreoirí cairéil nó daoine ag gníomhú ar a son a rinne iad, ní bhfuarthas ach líon beag ó thríú páirtithe.

Section 261A generated a significant additional workload for the Board in 2012, particularly given that all of the review cases were lodged within a short 3 to 4 month period. In response, the Board allocated a substantial number of staff to a dedicated 'quarry team', including 15 Inspectors. The relative complexity of the legislation also required a significant element of training and preparation. The caseload will continue as a significant element of the Board's overall workload throughout 2013.

A Substitute Consent Application is an application for permission made directly to An Bord Pleanála in respect of development already carried out and which should have been subject to Environment Impact Assessment and/or Appropriate Assessment but where such assessments were not carried out. The application is accompanied by a Remedial Environmental Impact Statement (REIS) and/or a Remedial Natura Impact Statement (RNIS). In the case of quarries, the application must be lodged within 12 weeks of the date of the planning authority notice or such further period as the Board may allow.

Given the time periods involved, and the number of review cases received, only a small number of Substitute Consent Applications were received by the Board during 2012. However, a substantial number of such applications can be expected in 2013 and 2014.

Ghin Alt 261A ualach oibre breise nár bheag don Bhord sa bhliain 2012, go háirithe ós rud é gur cuireadh isteach gach ceann de na cásanna athbhreithnithe laistigh de thréimhse de thrí nó de cheithre mhí. Mar fhreagra, chuir an Bord líon suntasach foirne ag obair ar 'foireann cairéil' ar leith, lenar áiríodh 15 chigire. Theastaigh roinnt mhaith ullmhúcháin agus oiliúna, leis, toisc an reachtaíocht a bheith casta i gcomparáid le míreanna eile reachtaíochta. Eilimint shuntasach d'ualach oibre iomlán an Bhoird sa bhliain 2013 a bheidh i gcásanna dá sórt.

Is éard is iarratas ar Thoiliú Ionaid iarratas ar chead a dhéantar díreach chuig an Bord Pleanála maidir le forbairt atá déanta cheana féin agus a raibh gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí nó an dá cheann a dhéanamh ina leith ach nach ndearnadh measúnacht den sórt sin. Cuirtear Ráiteas Ceartaitheach Tionchair Timpeallachta agus / nó Ráiteas Ceartaitheach Tionchair Natura ar fáil in éineacht leis an iarratas. I gcás cairéil, ní mór an t-iarratas a dhéanamh chuig an mBord tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis dháta an fhógra, nó cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Bord.

I bhfianaise na dtréimhsí ama atá i gceist, agus líon na gcásanna le haghaidh athbhreithniú a fuarthas, ní bhfuair an Bord ach líon beag iarratas ar Thoiliú Ionaid sa bhliain 2012. Ach meastar go bhfaighfear lear mór iarratas dá sórt sna blianta 2013 agus 2014.

FIGURE 15

Quarry and Substitute Consent Cases

FIGIÚR 15

Cásanna Cairéil agus Cásanna Toilithe Ionaid

	Received 2012 Faighte 2012	Concluded 2012 Críochnaithe 2012	On-hands end 2012 Ar láimh, deireadh 2012
Quarries Cairéil			
Notice Issued by Local Authority Fógra a Eisíonn Údarás Áitiúil	820	733	87
Application for Review of Notice Iarratas ar Athbhreithniú ar Fhógra	334	29	305
<i>Subtotal Fo-iomlán</i>	1,154	762	392
Substitute Consent Toiliú Ionaid			
Consultation Request Iarratas ar Chomhairliúchán	19	6	13
Notice Direction Ordú Fógra	0	0	0
Scoping/EIS Request Iarratas maidir le Raon Feidhme/RTT	2	0	2
Application for Substitute Consent Iarratas ar Thoilíú Ionaid	9	1	8
Request for Extension Time Iarratas ar Shíneadh Ama	125	45	80
Leave to Apply for Substitute Consent Cead chun Iarratas a dhéanamh ar Thoilíú Ionaid	9	5	4
<i>Subtotal Fo-iomlán</i>	164	57	107
Total Iomlán	1,318	819	499

4. Planning Operations | Oibríochtaí Pleanála

Other Cases | Casanna Eile

Other Cases under Planning, Building Control, Water Pollution and Air Pollution Acts

Apart from normal planning appeals and local authority projects, other functions have been assigned to the Board under the Planning Acts; the Building Control Acts 1990 and 2007; the Local Government (Water Pollution) Acts 1977 to 2007; and the Air Pollution Act 1987. A summary of the various cases which came before the Board in 2012 is set out in Figure 16.

Cásanna eile faoi Achtanna Pleanála, Rialú Foirgníochta, Truailliú Uisce agus Truailliú Aeir

Tá feidhmeanna eile tugtha don Bhord seachas gnáth achomhairc phleanála agus tionscadail údarás áitiúil, faoi na hAchtanna Pleanála; An tAcht um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007, na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go 2007; agus an tAcht um Thruailliú Aeir 1987. Tá achoimre de na cásanna a tháinig faoi bhráid an Bhoird i 2012 leagtha amach i bhFigiúr 16.

FIGURE 16

Summary of other cases under Planning, Building Control, Water Pollution and Air Pollution Acts

FIGIÚR 16

Achoimre ar chásanna eile faoi na hAchtanna Pleanála, Rialaithe Foirgníochta, Truailithe Uisce agus Truailithe Aeir

		On hands start of year	Received in the Year	Sub- total	Formally decided	Otherwise disposed	All	On hands end of year
		Idir Lámha ag tús na blana	Faighte sa bhlian	Fo- lomlán	Cinntí foirmiúla	Curtha de láimh i slí eile	Gach cás	Idir Lámha ag deireadh na blana
Planning Acts	Achtanna Pleanála							
Leave to Appeal	Cead Achomharc	3	48	51	44	5	49	2
Referrals	Tarchuir	45	114	159	51	23	74	85
Determinations ¹	Cinntí ¹	1	0	1	1	0	1	0
Section 254 Licences	Ceadúnais Rannóg 254	4	3	7	4	0	4	3
Planning Scheme in SDZ	Scéim Pleanála i gCFS	1	4	5	1	3	4	1
Amendment to Planning Scheme in SDZ	Leasú ar Scéim Pleanála i gCFS	1	0	1	0	1	1	0
Subtotal	Fo-lomlán	55	169	224	101	32	133	91
Building Control Acts	Achtanna um Rialú Foirgníochta							
Relax & Dispensation Certificate	Deimhniú Maolaithe & Dispeansáide	0	1	1	0	0	0	1
Fire Safety Certificate	Deimhniú Sábháilteacht Dóiteáin	2	16	18	10	4	14	4
Fire Safety Revised Certificate	Deimhniú Leasaithe Sábháilteacht Dóiteáin	0	3	3	1	0	1	2
Regularisation Certificate	Deimhniú Thabhairt chun Rialtachta	2	1	3	2	1	3	0
Disability Access Certificate	Deimhniú Rochtana Míchumais	1	9	10	5	0	5	5
Disability Access Revised Certificate	Deimhniú Leasaithe Rochtana Míchumais	0	1	1	1	0	1	0
Subtotal	Fo-lomlán	5	31	36	19	5	24	12
Water Pollution Acts	Achtanna um Thruailliú Uisce							
Discharge to Water	Curtha chuig Uisce	2	0	2	2	0	2	0
Discharge to Sewers	Curtha chuig Séarachas	0	6	6	0	1	1	5
Subtotal	Fo-lomlán	2	6	8	2	1	3	5
Air Pollution Act	Acht um Thruailliú Aer							
Air Emission	Scaoileadh Aer	1	0	1	1	0	1	0
Subtotal	Fo-lomlán	1	0	1	1	0	1	0
Total	lomlán	63	206	269	123	38	161	108

161 (78%) of the 206 cases were disposed of within 18 weeks / 4 months, as appropriate.

¹These cases relate to the 1963 to 1999 Planning Acts.

161 (78%) de na 206 cásanna curtha de láimh laistigh de 18 seachtaine / 4 mí, mar is cuí.

¹Baineann roinnt de na cásanna sin leis na hAchtanna Pleanála 1963 go 1999.

5. Corporate Matters | Gnóthaí Corparáideacha

Finance Overview | Foramharc Airgeadais

Income and expenditure

In 2012, total expenditure amounted to €18,809,265 while income amounted to €18,916,241 leaving a surplus for the year of €106,976. There was an incoming surplus of €291,780 which left a cumulative surplus of €398,756.

Fees

Fees are payable to the Board by parties in respect of strategic infrastructure development applications, appeals, referrals, oral hearings requests and certain other matters which are submitted to the Board for determination under the Planning, Water Pollution, Air Pollution and Building Control Acts.

Fees are also payable by certain persons/bodies other than parties, generally known as “observers”, in respect of submissions or observations made to the Board.

Gross receipts from appeal fees in 2012 amounted to €1,052,908 of which €105,090 was refunded where appeals were found to be late or otherwise invalid. Gross receipts from strategic infrastructure development applications in 2012 amounted to €1,360,000 of which €318,180 was refunded where the cost of processing the application was less than the fee. A provision of €153,534 is included in the Financial Statements to reflect future refunds on undecided applications as at the end of 2012.

In 2012, net receipts from fees represented about 13% of total expenditure (16.5% in 2011).

Ioncam agus caiteachas

Ba ionann agus €18,809,265 an caiteachas iomlán sa bhliain 2012 agus b'ionann agus €18,916,241 an t-ioncam, a d'fhág €106,976 de bharrachas don bhliain. Bhí €291,780 de bharrachas ag tús na bliana, a d'fhág €398,756 de bharrachas carnach.

Táillí

Tá táillí iníoctha leis an mBord ag páirtithe i dtaca leis na nithe seo a leanas: iarratais chun bonneagar straitéiseach a fhorbairt, achomhairc, tarchuir, éisteachtaí ó bhéal agus le nithe áirithe eile a chuirtear faoi bhráid an Bhoird lena gcinneadh faoi na hAchtanna Pleanála agus na hAchtanna um Truailliú Uisce, Truailliú Aeir agus Rialú Foirgníochta.

Tá táillí iníoctha, leis, ag daoine/comhlachtaí áirithe eile nach páirtithe iad, a dtugtar “breathnóirí” orthu de ghnáth, i dtaca le haighneachtaí nó tuairimí a chuirtear faoi bhráid an Bhoird.

B'ionann agus €1,052,908 na fáltas chomhlána achomhairc ó tháillí sa bhliain 2012 ar aisíocadh €105,090 de i gcás achomharc a bhí déanach nó neamhbhailí ar shlí éigin eile. B'ionann agus €1,360,000 na fáltas chomhlána ó iarratais chun bonneagar straitéiseach a fhorbairt, ar aisíocadh €318,180 de i gcás inar lú an táille ná costas próiseála an iarratais. Cuireadh soláthar de €153,534 ar áireamh sna Ráitis Airgeadais chun aisíocaíochtaí todhchaí ar iarratais neamhchinnte amhail ag deireadh na bliana 2012 a léiriú.


Ba ionann an glanioncam ó tháillí sa bhliain 2012 agus 13% nó mar sin den chaiteachas iomlán (16.5% sa bhliain 2011).

FIGURE 17

Fee Income (all case types)

FIGIÚR 17

Ioncam ó tháillí (gach cineál cáis)



Total fee income received by An Bord Pleanála for case fees (including strategic infrastructure cases) has fallen from a high of €5.73m in 2008 to €1.836m in 2012. This represents a reduction in income of 67.96% in this area.


Thit an teacht isteach iomlán a fuair an Bord Pleanála ó tháillí cáis (lena n-áirítear cásanna bonneagair straitéisigh) ón bhfigiúr ab airde de €5.73m sa bhliain 2008 go dtí €1.836m sa bhliain 2012. 67.96% de laghdú ar chaiteachas sa réimse seo ab ea é sin.

FIGURE 18

Total Expenditure

FIGIÚR 18

Caiteachas Iomlán



The above total expenditure chart includes: Remuneration, establishment expenses and operating expenses. This shows total expenditure of €18.8m in 2012. This is a reduction of €2.05m on the 2011 expenditure level.

Áirítear ar an gcairt caiteachais iomlán thuas: Luach saothair, costais teaghlachais agus costais oibriúcháin. Taispeánann sé €18.8m de chaiteachas iomlán sa bhliain 2012. €2.05m de laghdú ab ea é sin ar leibhéal caiteachais na bliana 2011.

FIGURE 19
Total Expenditure 2012

FIGIÚR 19
Caiteachas Iomlán 2012





FIGURE 20
Total Income

FIGIÚR 20
Ioncam Iomlán




The above total income chart includes: Oireachtas grant, case fees and cost recoupment, miscellaneous fees, profit on disposal of fixed assets and net deferred funding for superannuation. This shows total income of €18.9m in 2012. This is a reduction of €2.3m on 2011 income level.

Áirítear ar an gcairt ioncaim iomlán thuas: Deontas an Oireachais, táillí cáis agus aisghabháil costas, táillí ilghnéitheacha, brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta agus glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh aoisliúntais. Taispeánann sé sin €18.9m d'ioncam iomlán sa bhliain 2012. €2.3m de laghdú ab ea é sin ar leibhéal ioncaim na bliana 2011.

FIGURE 21
Oireachtas Grant

FIGIÚR 21
Deontas an Oireachais



The Oireachtas grant has decreased from €15,098,000 in 2008 to €12,897,000 in 2012, representing a decrease of 14.58%.

Laghaigh deontas an Oireachtais ó €15,098,000 sa bhliain 2008 go €12,897,000 sa bhliain 2012, léiríonn sé seo titim 14.58%.

5. Corporate Matters | Gnóthaí Corparáideacha

Prompt Payment of Accounts Act 1997 | An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

The Board comes within the scope of the Prompt Payment of Accounts Act 1997, as amended by the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002. The payment practices of the Board are reported on below for the year ended 31st December 2012 in accordance with section 12 of the Act.

1. It is the Board's policy to comply with the relevant provisions of the Act and, in particular, to ensure that all invoices are paid promptly. Specific procedures are in place that enable it to track all invoices and ensure that payments are made before the due date. Invoices are registered daily and payments are made as required to ensure timely payments. In 2012, the Board did not set or agree payment periods outside the terms of the Act.
2. The system of internal control incorporates such controls and procedures as are considered necessary to ensure compliance with the Act. This system includes accounting and computer controls designed to ensure the identification of invoices and contracts for payment within the payment periods required by the Act. Reports are produced that identify unpaid outstanding invoices and these reports are reviewed regularly at a senior level.
3. The procedures referred to at 1 and 2 above are designed to provide reasonable but not absolute assurance against material non-compliance with the Act. The Board is satisfied that its procedures have operated adequately in the main and that no remedial action is required.

Tagann an Bord faoi chuimsiú an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Tuairiscítear cleachtais íocaíochta an Bhoird thíos don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 de réir alt 12 den Acht.

1. Is é beartas an Bhoird géilleadh d'fhorálacha ábhartha an Achta agus, go háirithe, chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm a chumasaíonn dó gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus déantar íocaíochtaí de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Sa bhliain 2012 níor shocraigh ná níor aontaigh an Bord tréimhsí íocaíochtaí lasmuigh de théarmaí an Achta.
2. Corpraítear sa chóras rialaithe inmheánaigh na rialuithe agus na nósanna imeachta a mheastar atá riachtanach chun géilliúlacht don Acht a chinntiú. Áirítear ar an gcóras sin rialuithe cuntasáíochta agus ríomhaire a dearadh chun a chinntiú gur féidir sonraisc agus conarthaí dlite a shainaithint laistigh de na tréimhsí íocaíochta a leagtar síos san Acht. Táirgtear tuarascálacha a shainaithníonn sonraisc neamhíochta agus athbhreithnítear na tuarascálacha sin go tráthrialta ar leibhéal sinsearach.
3. Dearadh na nósanna imeachta dá dtagraítear ag 1 agus 2 thuas chun dearbhú réasúnta ach ní dearbhú amach is amach a sholáthar in aghaidh eamhghéilliúlacht ábhartha don Acht. Tá an Bord sásta gur oibrigh a nósanna imeachta go leordhóthanach ar an iomlán agus nach bhfuil aon bheart ceartaitheach de dhíth.

4. The average delay in making payments, after the statutory period of 30 days, was 0 days. Under Article 3(2)(b) of the above regulations when the interest is less than €5.00 the regulations do not apply.

There were no late payments in 2012, and therefore, no interest fell to be paid. The total value of all payments was €4.2m

Since 1st January 2013 there have been no material developments insofar as the Board's compliance with the Act is concerned.

4. Ba é 0 lá an meántréimhse moille ar íocaíochtaí, tar éis na tréimhse reachtúla de 30 lá. Faoi Airteagal 3(2)(b) de na rialacháin thuas nuair is lú ná €5.00 an t-ús ní bhíonn feidhm leis na rialacháin.

Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha sa bhliain 2012, agus dá bhrí sin, ní raibh aon ús le híoc. Ba é €4.2m luach iomlán na n-íocaíochtaí.

Ón 1 Eanáir 2013 níor tharla aon fhorbairtí ábhartha maidir le géilliúlacht an Bhoird don Acht.

5. Corporate Matters | Gnóthaí Corparáideacha

Human Resources | Acmhainní Daonna

Human Resources

In 2012, An Bord Pleanála was required to reduce its overall staffing to a maximum of 146. Through the public sector redeployment process, 13 staff were redeployed voluntarily to other public sector bodies. An Bord Pleanála met its target by end of 2012.

The Board places great value and reliance on the professional expertise, integrity, dedication and public service ethos of its members and staff. It recognises their commitment and dedication to the Board's pursuit of providing its stakeholders with a high quality and efficient service.

The average number of staff employed during 2012 was 144 (153 in 2011). A full list of staff employed by An Bord Pleanála as at 31st December 2012 is provided in Appendix 6.

Acmhainní Daonna

Iarradh ar an mBord sa bhliain 2012 a líon foirne iomlán a laghdú go 146 ar a mhéad. Trí phróiseas ath-implonaithe na hearnála poiblí ath-implonáíodh 13 bhall foirne go deonach i gcomhlachtaí eile earnála poiblí. Shroich an Bord a sprioc faoi dheireadh na bliana 2012.

Is mór ag an mBord saineolas gairmiúil, iomláine, tiomantas agus éiteas seirbhíse poiblí na gcomhaltai agus na foirne. Aithníonn sé a dtiomantas agus a ndílseacht d'iarrachtaí an Bhoird seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a thabhairt do gheallsealbhóirí.

Ba é 144 meánlíon na mball foirne a bhí fostaithe sa Bhord sa bhliain 2012 (153 sa bhliain 2011). Gheofar in Aguisín 6 liosta iomlán d'fhoireann an Bhoird Pleanála amhail ar an 31 Nollaig 2012.

Consultants and Advisers

The Board has the power to engage such consultants and advisers as it considers necessary for the discharge of its functions.

In 2012, consultants were appointed as reporting inspectors in a small number of specialist work areas such as Fire Safety and Disability Access cases, or as specialists assisting an in-house reporting inspector in relation to some aspect of a particular planning case. Figure 22 shows the number of reports received from in-house and external consultant inspectors in 2012. The number of reports received from external inspectors in 2012 represented 1.5% of all reports received, (2% in 2011).

Comhairligh agus Comhairleoirí

Tá cumhacht ag an mBord na sainchomhairleoirí agus na comhairleoirí a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a fhorfheidhmiú, a fhostú.

Ceapadh comhairleoirí sa bhliain 2012 i gcáil cigirí tuairiscithe i líon beag sainréimsí oibre ar nós cásanna Sábháilteacht Dóiteáin agus Rochtain Míchumais, nó mar speisialtóirí chun cuidiú leis an gcigire tuairiscithe inmheánach maidir le gnéithe ar leith de chásanna pleanála. Taispeánann Figiúr 22 líon na dtuairiscí a fuarthas, ó chigirí comhairleacha inmheánacha agus seachtracha sa bhliain 2012. B'ionann agus 1.5% de na tuairiscí ar fad a fuarthas, na tuairiscí a fuarthas ó chigirí seachtracha sa bhliain 2012 (2% sa bhliain 2011).

FIGURE 22
Breakdown of Inspector's Reports

FIGIÚR 22
Miondealú ar thuairiscí na gCigirí

		2012	2011	Increase/(decrease) % Méadú/(laghdú) %
In-house Inspectors	Cigirí inmheánacha	1,579	1,920	(18%)
External Consultant Inspectors	Cigirí comhairligh seachtracha	24	34	(29%)
Total	Iomlán	1,603	1,954	(18%)

5. Corporate Matters | Gnóthaí Corparáideacha

Corporate Governance | Rialachas Corparáideach

Corporate Governance

The Board completed an internal assessment of its compliance levels with the Code of Practice for the Governance of State Bodies in 2012 the outcome of which was reported to the Minister for the Environment, Community and Local Government on 28th June 2012. This indicated substantive compliance with the various requirements of the code. An external review of compliance levels will be undertaken in 2013.

The Board adopted an anti-fraud policy in 2012.

Audit Committee

The Audit Committee of An Bord Pleanála is comprised of an external Chairperson, Jim Hehir a former Managing Director of the Housing Finance Agency, one external member, Jim Hurley of the Environmental Protection Agency and two executive members of the Board, Mary MacMahon and Nicholas Mulcahy and operates under formal terms of reference. Under the Code of Practice for the Governance of State Bodies, the Audit Committee may review any matter relating to the internal controls of the Board. It reviews the annual financial statements and internal audit reports, approves the internal audit plans, and advises the Board on the operation of the internal audit function. During 2012, the Committee met five times. The Chairperson meets regularly with the Chairperson of the Board. In the Audit Committee's Annual Report for 2012 which issued in January, 2013, the Committee expressed satisfaction with the internal financial controls operated by the Board. A Statement on the System of Internal Financial Controls is on page 51.

Rialachas Corparáideach

Sa bhliain 2012, rinne an Bord measúnacht ar a leibhéal chomhlíonta leis an gCód Cleachtais um Rialachas Foras Stáit agus cuireadh an toradh in iúl don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar an 28 Meitheamh 2012. Léirigh an mheasúnacht go raibh forálacha éagsúla an chóid á gcomhlíonadh go substaintiúil. Déanfar athbhreithniú seachtrach ar na leibhéil chomhlíonta sa bhliain 2013.

Ghlac an Bord beartas frithchalaoise sa bhliain 2012.

An Coiste Iniúcháireachta

Ar Choiste Iniúcháireachta an Bhoird Pleanála tá Cathaoirleach seachtrach, Jim Hehir, a bhí ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an nGníomhaireacht um Airgeadas Tithíochta tráth, Jim Hurley as an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil agus beirt bhall feidhmeannach den Bhord, Mary MacMahon agus Nicholas Mulcahy. Tá téarmaí tagartha foirmiúla ag an gCoiste. Faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, féadann an Coiste Iniúcháireachta aon ghnó a bhaineann le rialuithe inmheánacha an Bhoird a athbhreithniú. Athbhreithníonn sé ráitis airgeadais bhliantúla agus tuarascálacha iniúchta inmheánaigh, faomhann sé pleananna iniúchta inmheánaigh agus cuireann sé comhairle ar bhaill an Bhoird i dtaobh oibriú na feidhme iniúchta inmheánaigh. Cúig chruinniú a bhí ag an gCoiste i gcaitheamh na bliana 2012. Bíonn cruinnithe rialta ag an gCathaoirleach le Cathaoirleach an Bhoird. Léiríodh sástacht leis na rialuithe airgeadais inmheánacha atá i bhfeidhm ag an mBord i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta don bhliain 2012. Gheofar Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánach Airgeadais ar leathanach 51.

Public Service Agreement 2010-2014 / Action Plan

The Board progressed the range of initiatives in its Action Plan and made formal returns on the progress on same to the Department of the Environment, Community and Local Government during 2012. In general terms the Board continued with the alignment of its operations and staff resources to the Public Sector Reform Programme and the general imperative to reduce staff numbers and expenditure.

The Irish Language

The Board welcomes the use of the Irish Language by those doing business with us and encourages and supports staff to become fluent in the language. A new Irish Language Scheme under Section 11 of the Official Language Act 2003 was adopted by the Board in 2011 and the organisation is focused on meeting the commitments contained in that scheme.

In addition our in-house Irish Language Committee was set up in 2012 in order to further promote the use of the Irish language in the organisation.

An Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014 / Plean Gníomhaíochta

Rinne an Bord dul chun cinn maidir le tionscnaimh éagsúla ina Phlean Gníomhaíochta agus rinneadh tuairisceáin fhoirmiúla ar an dul chun cinn ar an gcéanna chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcaitheamh na bliana 2012. I dtéarmaí ginearálta, lean an Bord d'ailíniú a dhéanamh idir a oibríochtaí agus a acmhainní foirne agus Clár Athchóirithe na hEarnála Poiblí agus an riachtanas ginearálta chun líon foirne agus caiteachas a laghdú.

An Ghaeilge

Fearann an Bord fáilte roimh dhuine ar bith ar mian leo gnó a dhéanamh linn i nGaeilge agus cuirtear misniú agus tacaíocht ar fáil do bhaill foirne le go mbainfidh siad amach líofacht sa Ghaeilge. Sa bhliain 2011 ghlac an Bord Scéim Ghaeilge nua faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tá an eagraíocht ag díriú ar na gealltanais a rinneadh sa scéim sin a chomhlíonadh.

Chomh maith le sin, bunaíodh ár gCoiste Gaeilge inmheánach sa bhliain 2012 d'fhonn úsáid na Gaeilge san eagraíocht a chur chun cinn.

5. Corporate Matters | Gnóthaí Corparáideacha

Legal Proceedings & Consultations with Other Bodies

Imeachtaí Dlí & Comhairle le Comhlachtaí Eile

During 2012, High Court judicial review proceedings arising from the Board's decisions and procedures in relation to appeals and other matters were instituted in 17 cases. In the course of the year 12 cases were concluded, all of them in favour of the Board. Proceedings were discontinued, dismissed or withdrawn against the Board in four cases. Leave applications for judicial review were refused in two cases. High Court Judgments were given in six substantive cases, all of which were in favour of the Board. One case involving a decision by the Board was heard by the European Court of Justice.

Access to Information

The Planning Acts, the Freedom of Information Act and Access to Information on the Environment Regulations provide for access to certain information on the Board's operations. Casework files are available for inspection free of charge on the third working day after the case is decided and copies of documents can be purchased. The Board's decision order and direction and the Inspector's report are also available on the Board's website. The number of public access requests for caseworks files was 468 in 2012.

Further information on the above is available from the Board and on its website. Figure 23 gives a breakdown of the requests made under the Freedom of Information Act.

I gcaitheamh na bliana 2012 tionscnaíodh imeachtaí le haghaidh athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt i 17 cás ag éirí as cinntí an Bhoird agus as nósanna imeachta i dtaca le hachomhairc agus nithe eile. Tugadh 12 díobh chun críche le linn na bliana, agus is toradh fabhrach don Bhord a bhí ar gach ceann díobh. Rinneadh imeachtaí in aghaidh an Bhoird a scor, a dhíbh nó a aistarraingt i gceithre chás. Diúltaíodh iarratas ar athbhreithniú breithiúnach in dhá chás. Tugadh breithiúnas Ard-Chúirte i sé cinn de chásanna substaintiúla, agus is toradh i bhfabhar an Bhoird a tugadh i ngach cás díobh. D'éist Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa cás amháin inar pléadh cinneadh de chuid an Bhoird.

Teacht ar Fhaisnéis

Foráiltear sna hAchtanna Pleanála, san Acht um Shaoráil Faisnéise agus sna Rialacháin um Theacht ar Fhaisnéis ar an gComhshaol le haghaidh teacht ar chineálacha áirithe faisnéise maidir le hoibríochtaí an Bhoird. Cuirtear comhaid chásóibre ar fáil lena n-íniúchadh saor in aisce ar an tríú lá oibre tar éis an cás a bheith cinnte agus bíonn cóipeanna de na doiciméid ar fáil lena gceannach. Bíonn ordú agus treoir chinneadh an Bhoird agus tuarascáil an Chigire ar fáil chomh maith ar shuíomh Gréasáin an Bhoird. Ba é 468 líon na n-iarratas ar theacht phoiblí ar chomhaid chásóibre sa bhliain 2012.

Gheofar faisnéis bhreise ar na nithe thuasluaite ón mBord agus ar a shuíomh Gréasáin. Gheofar miondealú i bhFigiúr 23 de na hiarratais a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

FIGURE 23

Freedom of Information—Breakdown of Requests

FIGIÚR 23

Saoráil Faisnéise - Miondealú ar Iarratais

		2012	2011
On hands at start of year	Ar láimh ag tosach na bliana	0	1
Requests received	Iarratais faighte	17	9
Granted/Partially granted	Tugtha/Tugtha i bpáirt	13	6
Withdrawn or dealt with outside FOI	Aistarraingthe nó déileáilte le lasmuigh de SF	0	0
Refused	Diúltaithe	4	4
On hands at end of year	Ar láimh ag deireadh na bliana	0	1

Consultations with Other Bodies

The Board is obliged to keep itself informed of the policies of certain bodies whose functions have a bearing on proper planning and sustainable development. These include Ministers of the Government and planning authorities.

An Bord Pleanála continued its ongoing practice of maintaining contact with public authorities and other representative organisations whose functions impact on the planning process.

Comhairle le Comhlachtaí Eile

Tá oibleagáid ar an mBord é féin a choimeád ar an eolas mar gheall ar bheartais comhlachtaí áirithe a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Ina measc siúd tá Airí Rialtais agus údarais phleanála.

Lean An Bord Pleanála dá chleachtas leanúnach de theagmháil a bheith aige le húdarais phoiblí agus le heagraíochtaí ionadacha eile a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar an bpróiseas pleanála.

5. Corporate Matters | Gnóthaí Corparáideacha

Customer Services & Complaints | Seirbhísí & Gearáin Custaiméara

In accordance with our Customer Service Action Plan, the Board has a system of dealing with enquiries about the quality of service provided and other issues of interest to the general public, and to analyse and measure the number of complaints or queries received.

In 2012, An Bord Pleanála received 157 communications in relation to decided cases and replied to 154. Of these, 136 received a substantive response within four weeks of their receipt by the Board.

The nature of the correspondence was varied. The following breakdown is based on the main reason for a contact. It is designed to illustrate the main reasons for correspondence, but it is often the case that the correspondence contains elements of several types of contact, for example, queries where interpretation and enforcement are involved.

De réir ár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí, tá córas ag an mBord chun déileáil le fiosruithe mar gheall ar an gcaighdeán seirbhíse a chuirtear ar fáil agus ceisteanna eile is spéis leis an bpobal i gcoitinne, agus chun anailís agus tomhas a dhéanamh ar líon na ngearán nó na n-iarratas a fuarthas.

Sa bhliain 2012 fuair An Bord Pleanála 157 teachtaireacht i dtaca le cásanna a bhí cinnte agus tugadh freagra ar 154 díobh. Díobh sin tugadh freagra shubstainteach ar 136 theachttaireacht laistigh de cheithre seachtaine ón uair a bhfuarthas iad.

Níorbh ionann ar chor ar bith na cúiseanna leis an gcomhfhreagras. Seo a leanas miondealú ar na príomhchúiseanna le teachtaireachtaí. Ceapadh an tábla seo a leanas leis na príomhchúiseanna le comhfhreagras a thaispeáint, ach is minic a bhíonn níos mó ná cúis amháin le comhfhreagras, mar shampla, ceisteanna i dtaca le léirmhíniú agus forfheidhmiú.

FIGURE 24
Customer Services & Complaints

FIGIÚR 24
Seirbhísí & Gearáin Custaiméara

Number of cases disputing decision Líon na gcásanna ina n-agóidtear in aghaidh cinnidh	26
Number of cases querying Board handling of matter Líon na gcásanna inár fiosraíodh an tslí ar láimhsigh an Bord an cás	15
Number of cases requesting interpretation Líon na gcásanna inár iarradh léirmhíniú	49
Number of cases regarding enforcement issues* Líon na gcásanna ina luaitear saincheisteanna forfheidhmiúcháin*	54*
Number of cases regarding miscellaneous issues Líon na gcásanna ina luaitear saincheisteanna ilghnéitheacha	10
Total Number of responses: Líon iomlán na bhfreagraí	154

*Note that the Board is often contacted about cases where a person considers that the Board's decision is not being correctly implemented. This is a matter for the planning authority as the Board has no role in enforcement matters. As the Board can only direct the person to the planning authority with such queries, anyone with an interest in such matters should contact the planning authority directly.

